Eagrán an Gheimhridh 2026

Oide

MATAMAITIC NA HIAR-BHUNSCOILE

NUACHTLITIR



A Chomhghleacaí,

Fáilte go dtí an t-éagran geimhridh dár nuachtlitir. Agus sinn ag tarraingt ar dheireadh na bliana, is mian linn nóiméad a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leat as do thiomantas leanúnach do thacú le haistir mhatamaiticiúla do scoláirí. Tá súil againn go bhfuil eolas fiúntach san eagrán, mar aon le smaointe ranga nua agus deiseanna spreagtha chun cur le do chleachtas gairmiúil.

Tá súil againn leis go raibh Seachtain Mhata mhaith rathúil agat agus ag do scoláirí níos luaithe sa téarma. Guímid deireadh rathúil socair don téarma scoile ort agus sos geimhridh suaimhneach atá tuillte go maith agat.

Le dea-mhéin,
Foireann Iar-bunscoile um Mhatamaitic

Imeachtaí atá le Teacht

Eispéireas Foghlama Gairmiúla (EFG) Matamaitice,
Meán Fómhair 2026 – Eanáir 2027.

iWish: Ag Spreagadh Ban in ETIM
An 4 Feabhra 2027. Táthar ag glacadh le clárú faoi láthair.


Taispéantas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta Stripe.
An 6-9 Eanáir 2027.

Comórtas Póstaeir Staitistiúil John Hooper.
Táthar ag glacadh le clárú faoi láthair.
An 25 Feabhra 2027 a spriocdháta.

Fadhb de chuid Pheadair.
Dáilfear fadhbanna go luath in Eanáir 2027. Fógrófar torthaí le linn Sheachtain na nInnealtóirí 2027.

Tacaíocht Ionscoile

Tá tacaíocht shaincheaptha ar fáil do mhúinteoirí Matamaitice agus do chomhordaitheoirí Uimhearthachta anois. Tugaimid treoir shaincheaptha ar phleanáil, múinteoireacht, measúnú, réiteach fadhbanna, teicneolaíocht dhigiteach agus comhtháthú traschuraclaim. Táthar ag glacadh le hiarratas le haghaidh tacaíocht ionscoile go ceann na bliana 2026-2027 faoi láthair. Cliceáil ar an íomhá chun clárú go díreach ar ár suíomh gréasáin.



postprimarymaths@oide.ie
@Oide_PPMaths





Oide

Tacaíocht

Amplify Classroom: Athmhachnamh ar Chleachtas

Tá deiseanna ann in Amplify Classroom do scoláirí chun coincheapa matamaiticiúla a fhiosrú, cur le tuiscint, agus a gcuid smaointeoireachta a chur in iúl trí ghníomhaíochtaí idirghníomhacha.
Tá cnuasach gníomhaíochtaí le Amplify Classroom atá curtha i dtoll a chéile thíos, a ceapadh chun tacú leis an teagasc, foghlaim, agus measúnú i do chomhthéacs, agus uimhearthacht, litearthacht agus inniúlacht dhigiteach á bhforbairt.
Cliceáil ar an íomhá chun teacht air.





Cliceáil le féachaint air.

Tuarascálacha Matamaitice Idirnáisiúnta - Conas atá Cúrsaí le hÉirinn?

TIn PISA 2025, tá sé léirithe go bhfuil ag éirí go maith le leanaí 15 mbliana déag d'aois in Éirinn, atá sa chéad áit sa léamh, sa tríú háit san eolaíocht agus sa ceathrú háit sa mhatamaitic i measc thíortha an AE. Tá laghdú ar fheidhmíocht sa mhatamaitic, áfach, rud atá ag teacht le treochtaí coiteanna san ECFE (an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta) agus san AE. Tá dáileadh níos cúinge gnóthachtála ag scoláirí na hÉireann, ina bhfuil níos mó scoláirí atá ag baint leibhéil inniúlachta sa lár amach agus tá líon an lucht ísealinniúlachta agus ardinniúlachta níos lú ná na meáin idirnáisiúnta. Tá méadú tagtha ar an líon scoláirí ísealghnóthachtála agus, san am céanna, lághdú ar an líon a bhaineann leibhéil ardghnóthachtála amach.



I dTuarascáil 2023 le TIMSS, tá sé léirithe go bhfuil scoláirí in Éirinn ag gnóthachtáil go suntasach os cionn na meán idirnáisiúnta sa matamaitic agus san eolaíocht ag na leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile. Tá an ghnóthachtáil measartha seasta ó 2015, rud a léiríonn a hathléimneacht in ainneoin an chur isteach ar an oideachas a bhí ann le linn na mblianta roimhe seo.
Tá dúshláin ann fós, áfach. Tá bearna gnóthachtála shuntasach idir na hinscní tagtha chun cinn sa Dara Bliain, áit a bhfuil buachaillí ag déanamh níos fearr ná cailíní sa dá ábhar. Tá neamhionnais shocheacnamaíocha léirithe chomh maith, mar gheall ar scoláirí sa scoileanna DEIS a bhaineann scórtha amach atá níos ísle ná a piaraí sna scoileanna neamh-DEIS. Tá sé léirithe sa tuarascáil réimsí cad iad na réimsí atá le feabhsú, lena n-áirítear réasúnaíocht na matamaitice, an Gheoiméadracht, Tomhas, agus gnéithe na heolaíochta.



Trí na hamharc-uirlisí idirghníomhacha, iniúchta sin a thabhairt isteach sa chleachtas ranga, is féidir leo cur le tuiscint mhatamaiticiúil, rannpháirtíocht, agus muinín níos doimhne. Cliceáil anseo chun teacht ar ár n-acmhainní le haghaidh teicneolaíocht dhigiteach.

postprimarymaths@oide.ie @Oide_PPMaths

Oide

Naisc Fhóinteacha


Suíomh gréasáin Oide

Tugadh uasdátú don suíomh gréasáin agus tá réimse tacaíochtaí agus acmhainní ar mhaithe le múinteoirí Matamaitice bailithe ann. Molaimid duit féachaint ar an leathanach agus úsáid a bhaint as na hábhair chun tacú le cleachtadh ranga, an teagasc agus an fhoghlaim.



Eoraidícé

Ag féachaint le cur le do thuiscint ar mhatoideachas thar an seomra ranga? Arna thacú ag an gCoimisiún Eorpach, is é an líonra Eoraidícé a chuireann tuarascálacha faisnéiseacha ar fáil ina gcuirtear córais oideachais, polasaithe, agus cleachtais ar fud na hEorpa i gcomparáid lena chéile.



Acmhainní Séasúracha

An bhfuil gníomhaíochtaí matamaitice spraíúla spéisiúla á lorg le linn an tséasúir geimhridh? Tá cnuasach den scoth ag Amplify Classroom ina bhfuil acmhainní téamúla ann, lena n-áirítear an Geimhreadh, do scoláirí ar fud na hIarbhunscoile. Tá deiseanna ann chun fiosrú a dhéanamh ar thopaicí, amhail patrúin, siméadracht, ailgéabar, grafadh, agus réiteach fadhbanna i gcomhthéacs séasúrach. Dá mba mhaith leat é, tá dúshláin shéasúracha ann ó NRICH, a chuireann réimse fadhbanna agus tomhas spéisiúla ar fáil chun an smaointeoireacht mhatamaiticiúil, réasúnú agus réiteach fadhbanna a spreagadh.



